

TAOBH ISTIGH

GaelBhratach	2
Fiontraíocht na hIdirbhliana	2
Scátáil	2
Cursaí Spóirt	3
Coiste na dTuismitheoirí	3
Díospóireachtaí Uí Chadhain	4
Torthaí na Scrúduithe Stáite	4
Oíche Oscailte & Dátaí don Dialann	4

Coláiste Chroí Mhuire

E A G R Á I N 1 2

E A N Á I R 2 0 1 6

Focal ón bPríomhoide


Fáiltím roimh an dara eagrán déag de nuachtlitir na scoile agus glacaim buíochas le Neasa Uí Choileáin a chuireann an nuacht litir le chéile agus a choinníonn an suíomh idirlín ccm.ie thuas chun dáta. B'fhiú go mór breathnú ar an suíomh go rialta mar is ann atá an féilire agus na scéalta is déanaí ón scoil.

Cuirim fáilte mhór roimh an gCoiste Gaelbhratach sa scoil. Tá sé mar aidhm ag na daltaí atá ar an gCoiste pobal na scoile a spreagadh chun an Ghaeilge a chur chun cinn. Nár laga Dia sibh a scoláirí, guím gach rath ar an obair thabachtach atá ar bun agaibh.

Déanaim comhghairdeachas leis na foirne éagsúla idir spóirt, díospóireacht, tráth na gCeist, fiontraíocht agus ar eile a rinne go hiontach go dtí seo i mbliana. Tá a fhios ag an saol go bhfuil i bhfad níos mó i gceist le saol na scoile ná torthaí sna scrúduithe stáite. Tuigeanmuid ar fad go bhfuil sé de phribhléid againn a bheith ag obair le daoine óga, ag tacú leo agus iad ag fás agus ag forbairt go pearsanta, go hintleachtúil agus go spioradálta. Ag an am céanna, áfach, cuireann sé bród orainn ar fad mar phobal nuair a fheiceann muid cé chomh maith agus a dhéanann scoláirí Choláiste Chroí Mhuire sna scrúduithe stáite. Déanfaidh scoláirí sa scoil seo go maith mar go dtuigeanmuid siad go dteastaíonn obair dhian le dul chun cinn a dhéanamh sa saol agus is léir go bhfuil said ag fáil an teachtairacht sin sa scoil agus ón mbaile.

Tá croithe móra ag na scoláirí agus eagraíonn siad feachtais a chuirfeadh gliondar ort. Mar shampla, tá moladh mór tuillte ag Comhairle na Macleinn a d'eagraigh bailiúchán don Chumann Naomh Uinsíonn de Phól roimh Nollaig. Lena hais sin, ar an lá deireadh don téarma, nuair a shilfeá go mbeadh na daoine óga ag smaoineamh ar

Cumann Tíreolaíochta na hÉireann



Comhghairdeachas le **hAoife Ní Eoin**, le **Sarah Ní Eoin** agus le **Lauren Ní Cheallaigh**, Coláiste Chroí Mhuire, An Spidéal, a bhain an dara áit amach sa Chomórtas Náisiúnta Léarscáile a bhí eagraithe ag Cumann Tíreolaíochta na hÉireann do Sheachtain na Tíreolaíochta 2015. Is é an téama a bhí ann ná "Do phobal Féin" agus rinne na cailíní mapa den Spidéal as olann, cnaipí, pasta agus cleití. Tá an mapa le feiceáil ar leathanach baile an chumainn, www.geographicalsocietyireland.ie.

saoirse agus ar siopadóireacht, d'úsáid rang na hIdirbhliana an brabús a fuair eadar ón tionsamh fiontraíochta chun pacáistí bia a chur le chéile dóibh siúd atá ina gconaí i dTearmaí Éanna.

Guím féin, an Bord Bainistíochta agus foireann uile na scoile gach beannacht oraibh don bhliain nua agus glacaimid buíochas libh as ucht an tacaíocht a thugann sibh don scoil i gcónaí.

Triona Uí Mhurchú

Príomhoide



Comhghairdeachas leis na daltaí a fuair teastas ón ollscoil le déanaí de bharr A a fháil i staidéar gnó sa scrúdú teastas sóisearach.

Ar chúil: Mairéad Uí Dhiollúin, Ruairc Ó Murchú, Conall Ó Caoimh, Paddy Ó Curraoin, Cathal Mac an Iomaire, Séan Ó Drisceoil.

Chun tosaigh: Neasa Uí Choileáin, Caoimhe Ní Churraoin, Ailbhe Ní Chualáin, Éabha Ní Fhearchair agus an Dochtúir Gerard Turley, OÉ Gaillimh

GaelBhratach



Tá Coláiste Chroí Mhuire páirteach sa scéim gaelbhratach i mbliana. Tá siúl againn an brat a bhaint amach faoi dheireadh na scoilbliana. Tá go leor imeachtaí tar éis bheith ar siúl sa chéad téarma le Gaeilge a chur chun cinn sa scoil.

- 1) D'éirigh leis an **dá fhoireann díospóireachta** dul chomh fada leis an gcrabhbh Réigiúnach.
- 2) Bhí scoláirí páirteach i gComórtas **Tráth na gCeist** eagraithe ag Feachtas i gColáiste an Eachréidh i mBaile Átha an Rí le déanaí.
- 3) Bhí **lá glas** againn don eagraíocht Jigsaw agus bailíodh €270.
- 4) Chuaigh scoláirí isteach ag an Junion Film Fleadh le **scannán Seachtain na Cásca 1916** a fheiceáil agus bhí ceardlann scannaíochta ag an 1ú agus 2ú bl.
- 5) D'éirigh le scoláirí na scoile duaiseanna a bhaint amach i gComórtas **Oireachtas** na Samhna.
- 6) Chuaigh scoláirí sinsearach chuig an dráma **"An Triail"** atá ar chúrsa na hArdteiste Gaeilge.
- 7) Táimid ag eagrú **comórtas le manna na scoile** a fháil maidir le dul chun cinn na Gaeilge.

Tá moladh mór le fáil ag an gCoiste Gaelbhratach atá ag déanamh go leor oibre maidir le cur chun cinn na Gaeilge sa scoil.



Coiste Gaelbhratach

Ar chúil: Siobhán Ní Neachtain, Conall Ó Caoimh, Aoife Nic Chormaic agus Gearóid Ó Conghaile

Chun tosaigh: Emer Ní Dhonnacha, Róise Ní Dhonnagáin, Aisling Ní Chonghaile, Sarah Ní Ainnín, Éabha Ní Fhearchair agus Sadhbh Ní Chonghaile

Fiontraíocht na hIdirbhlíana



Tá mionchomhlacht dár bh ainm 'Bóithrín na Smaointe' bunaithe ag an rang idirbhliana i mbliana. Dhá tháirge atá acu - ceann amháin díobh siúd ná griangraf pearsanta i bhfráma do lucht na céad mbliana agus an dara táirge ná pictiúir deartha do h-íomhánna ón gceantar sna 70 óidí / 80 óidí.

As cuid den bhrabach a rinneadar, bhronn an rang 20 beart beatha ar lucht cónaí Thearmann Éanna i rith seachtain na Nollag. Ba dheis iontach a bhí anseo an ghaol agus caidreamh idir an scoil agus an pobal a threisiú. Beidh

an rang páirteach i dhá chomórtas fiontraíochta go luath agus guímíd gach rath orthu agus ar a múinteoir Mairéad Uí Dhiollúin.



Scoláirí Idirbhliana, tar éis dóibh ábhar bricfeasta a bhronnadh ar na tithe i dTearmann Éanna i rith seachtain na Nollag. Sa phictiúr leo tá Breeda Ní Choisdealbha agus Peigí Uí Chonghaile (Tearmann Éanna)

SCÁTÁIL

Bhí an-tráthnóna ag lucht na céad bliana agus lucht na dara bliana a chuaigh go Gaillimh ag scátáil roimh an Nollaig. Bn Uí Nuadhnáin a d'eagraigh an lá dóibh agus chuaigh Máistir Ó Ráinne leí le h-aire a thabhairt dóibh ar fad! Chuaigh an ceathrú bliain agus lucht na hIdirbhlíana isteach lá éile. Bhain siad ar fad triail as agus buíochas le Dia tháinig gach duine slán abhaile!! Seo thíos cuid de na pictiúir a tógadh ar an lá, níos mó ar an suíomh idirlín.



CÚRSAÍ SPÓIRT



Foireann Iománaíochta na Scoile: Ar chúil: Gearóid Ó Conghaile, Oran MacLochlainn, Shane Taffe, Daniel Ó Féinne, Eoin Ó hOistir, Cathal Ó Gamhnáin, Fionn MacDonnacha, Oisín Ó Neachtain.

Sa lár: Eimhin Ó Diollúin, Ryan Ó Direáin, Caoimhín Ó Sé, Evan Breathnach, Conall Ó Caoimh, Ceillán Ó Linnáin agus Conall Ó Cuirín

Chun Tosaigh: Conor Ó Gamhnáin, Rhys Plower, Darragh Cox, Cian Deane agus Liam Ó Mainín



Foireann Sacar Sinsearach: Ar chúil: Aodán Comerford, Cuan Mac Dubhghaill, Evan Ó Cadhain, Ruadhán Ó Curraoin, Fergal Féiritéar, Oisín Ó Neachtain agus Dara MacDubhghaill

Chun Tosaigh: Cathal Ó Gamhnáin, Niall Cox, Conall Ó Caoimh agus Lorcán Ó Criodán

Foireann Cispheile faoi 19



Comhghairdeachas le cailíní faoi 19 cispheile agus a mbainisteoir Iníon Ní Chonchubhair, atá ag taisteal go Cill Náile, Tiobraid Árann ar an Déardaoin 14ú Eanáir, 2016 le dhá chluiche a imirt mar chuid de bhabhta a h-aon de na Cluichí Cáilithe Uile Éireann. Beidh siad ag tabhairt aghaidh ar an bhfoireann áitiúil, Scoil Ruain agus Coláiste Mhuire agus Naomh Pádraig, Béal Feirste. Seo í an dara bliain do chailíní na scoile páirt a ghlacadh i gcomórtas Roinn B agus táimid fíor bhródúil as an méid atá bainte amach acu i mbliana. Gabhann foirne cispheile na scoile buíochas ó chroí le chuile dhuine a thug tacaíocht agus na comhlachtaí a thug urraíocht ar dhuaiseanna dóibh leis an gcrannchur faoi Nollag.

Sa phictiúr ar chlé tá an feisteas nua a ceannáíodh leis an airgead a bhailigh na cailíní. Míle buíochas libh go léir.

Ar chúil: Áine Ní Dhonnacha, Laura Ní hEimhrín, Sórcha Ní Fhrighil, Rósie Ní Dhubhghaill, Laoise Breathnach, Caoimhe Ní Churraoin agus Romy Ní Chuinneagáin

Chun Tosaigh: Gráinne Ní Fhátarta, Aoife Nic Chormaic, Mary Ní Fhéinne agus Máire Ní Fhrighil

Coiste na dTuismitheoirí

Tá tú ag teastáil ó Choiste na dTuismitheoirí !

Is éard atá i gCoiste na dTuismitheoirí ná grúpa tuismitheoirí a thagann le chéile thart ar chúig uair in aghaidh na bliana chun cúrsaí scoile a phlé.

Tugann Coiste na dTuismitheoirí cúnadh don scoil nuair atá athbhreithniú le déanamh ar pholasaithe.

Bíonn smaointe agus tuairimí ag tuismitheoirí maidir le feabhas a chur ar an seirbhís oideachais atá á chur ar fáil ag an scoil don phobal.

Anuraidh :

- D'eagraigh an Coiste an Rith Spraoi um Cháisc.
- D'eagraigh an Coiste comórtas scríbhneoireachta i measc na ndaltaí. Bhí ionchur ag an gCoiste san athbhreithniú a rinneadh ar an bpolasaí Obair Bhaile.
- Chuir Coiste na dTuismitheoirí iarratas isteach chuig an gClár Caipitil Spóirt

Chuirfeadh an Coiste faillte mhór roimh aon tuismitheoir, go háirithe tuismitheoirí na chéad bliana chuig an gcéad chruinniú eile. Cuirfear téacs amach nuair a bheidh cruinnithe eagraithe.

Camógaíocht


Comhghairdeas le lucht camógaíochta na scoile. Tá roinnt mhaith cailíní ó CCM ar fhoirme shóisir agus shinsir Scoileanna Chonamara a bhfuil Cluichí Ceannais Chonnacht bainte amach acu. Beidh an dá cluiche seo le himirt go luath sa bhliain nua, na sóisir in aghaidh Choláiste Bhaile Chlár na Gaillimhe agus na sinsir in aghaidh Presentation, Áth an Rí. Is iad na cailíní ó CCM atá ar an dá fhoireann ná:

Sórcha Ní Fhrighil, Áine Nic Dhonnacha, Mary Ní Fhéinne, Laoise Breathnach, Laura Ní hEimhrín, Meghan Ní Cheallaigh, Gráinne Ní Fhatharta, Caitlín Ní Thuathail, Emma Cox, Rebecca Ní Alluráin, Rosie Ní Dhubhghaill, Elana Nic Fhlannacha, Máire Ní Fhrighil, Blanca Ní Dhonnabháin, Aoife Nic Chormaic, Siobhán Ní Neachtain, Aoife Nic Dhonnacha, Luka Anna Nic Lochlainn, Áine Ní Laoi, Róisín Ní Dhiompsaigh, Aisling Ní Chonghaile agus Rosanna Ní Chualáin.

DÍOSPÓIREACHTAÍ UÍ CHADHAIN-GAEL LINN



Comhghairdeachas leis an dá fhoireann díospóireachta sóisearach agus sinsearach ar éirigh leo dul tríd chuig an Craobh Réigiúnach de chomórtas Uí Chadhain i mblíana. Bhuaigh na foirne in aghaidh an dá ghaelcholáiste as Baile Atha Cliath, Coláiste Chillian agus Gaelcholáiste an Phiarsaigh. Níor éirigh leo dul níos faide ag an gCraobh Réigiúnach ach bhí siad go hiontach ar an lá agus muid fíor bhródúil as an cumas díospóireachta atá ag gach duine acu. Ar an bhfoireann sóisearach, sa phictiúr thuas, tá **Aisling Ní Chonghaile**, **Liadh Robertson** agus **Siobhán Ní Neachtain** (captaen) a bhí faoi stiúir Tríona Uí Mhurchú. An fhoireann sóisearach, sa phictiúr thíos, ná **Emer Ní Dhonncha** (captaen), **Ruairc Ó Murchú** agus **Sadhbh Ní Chonghaile** a bhí faoi stiúir Tríona Uí Mhurchú.



DÁTAÍ DON DIALANN

- ✓ 12ú Eanáir : Cruinniú Tuismitheoirí don 4ú Bliain
- ✓ 21ú Eanáir: Oíche Oscailte, 7.00 go dtí 9.00
- ✓ 15 -19ú Feabhra: Briseadh meántearma.
- ✓ Bréagscrúduithe: Ag tosú 3 lá roimh an mbriseadh agus ag leannacht ar aghaidh tar éis an bhriseadh
- ✓ 16ú Márta - 1ú Aibreáin: An Cháisc

TORTHAÍ NA SCRÚDUITHE STÁITE, 2015

Ardteist: Is é Coláiste Chroí Mhuire an scoil is mó i gConamara a ndeachaigh céadta-dán an-ard dá cuid scoláirí ar aghaidh ag Oideachas tríú leibhéal i mblíana, de réir staidéar náisiúnta atá déanta. Ainmníodh Coláiste Chroí Mhuire mar cheann de na scoileanna is mó i nGaillimh, i gConnacht agus sa tír, a chuir 100% dá cuid scoláirí ar aghaidh chuig cúrsaí tríú leibhéal. Sna pictiúir thíos tá Luke agus Dónal a bhí i measc na ndaltaí sin, tá **Luke** ag déanamh staidéar ar Innealtóireacht agus **Dónal** ar ghéineolaíocht. Guíonn muid gach rath ar na daltaí ar fad sa todhchaí.



Luke Egan, Ardteist 2015 ar bronnadh gradam na hOllscoile air ag ócáid in Ollscoil Éireann na Gaillimhe ar an 15/10/15. Bronnadh an t-aitheantas ar Luke de bharr a chuid torthaí iontacha san Ardteist i mblíana. Sa phictiúr tá Uachtarán Ollscoil na Gaillimhe, an Dochtúir Séamud De Brún.

Comhghairdeas le **Dónal Ó Sé** a fuair scoláireachtaí ó Choláiste na Tríonóide. Bronnadh na scoláireachtaí seo ar dhaltaí a fuair 560 pointe nó níos mó san ardteist anuraidh. Sa phictiúr tá a mháthair Mary agus an Dochtúir Patrick Prendergast atá mar Uachtarán i gColáiste na Tríonóide



Teastas Sóisearach: Bhíomar an-bhródúil agus thar a bheith sásta le torthaí na scrúduithe stáite an bhliain seo caite. Cé gur éirigh go maith le gach duine ba mhaith linn comhghairdeachas a dhéanamh le na scoláirí thuas as na sár-thorthaí a bhain siad amach sa Teastas Sóisearach. B'iad Séan Ó Drisceoil (7A & 4B), Ruairc Ó Murchú (8A & 3B), Conall Ó Caoimh (7A & 4B) agus Éabha Ní Fhearchair (9A, 1B & 1C)

OÍCHE OSCAILTE, 2015

Ná déanaigí dearmad ar ár n**Oíche Oscailte** a bhéas ar siúl ar an **Déardaoin, 21ú Eanáir**. Beidh sé ar siúl ón 7.00 go dtí 9.00 san oíche. Beidh clárú don scoilbhliain 2016-2017 ar siúl ar an oíche, agus is féidir na foirmeacha iarratais a fháil ón scoil. Tosóidh an oíche le caint ón bPríomhoide/ Leasphríomhoide, agus ina dhiaidh sin, beidh deis ag teaghlach turas na scoile a dhéanamh.

Fón: 091-553115

Faics: 091-553412

Ríomh-phost: oifig@ccm.ie

Suíomh Idirlíne: www.ccm.ie